# Socruithe

**Éist le ceithre chomhrá. Tá na daoine seo ag déanamh socruithe. Scríobh an t-eolas cuí sa ghreille thíos.**

| Comhrá | Ag dul chuig/go dtí… | Lá | Am |
|---|---|---|---|
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| 4 | | | |

# Comhrá 2A

1. **Is tusa Duine A. Léigh amach do línte. Léifidh Duine B a línte amach. Líon na bearnaí leis na focail chuí de réir mar a chloiseann tú iad.**

   **A**: An maith leat bia Iodálach?

   **B:** Ó is _______________ liom ______.

   **A:** Ar mhaith leat dul go dtí an bhialann nua an deireadh seachtaine seo?

   **B:** Bheadh sin ______ _______________.

   **A:** Cad faoi oíche Shathairn?

   **B:** Ó... níl mé ____________, an _______________ tú saor Dé Domhnaigh?

   **A:** Beidh. An gcasfaimid le chéile sa bhialann ar 7.30?

   **B:** Tá sin go breá. ______ __________ ________ ________. Slán go fóill.

# Socruithe
# Comhrá 2 B

1. **Is tusa Duine B. Léigh amach do línte. Léifidh Duine A a línte amach. Líon na bearnaí leis na focail chuí de réir mar a chloiseann tú iad.**

   **A**:An ____________ leat bia ____________________?

   **B:** Ó is breá liom é.

   **A:** Ar ______________ leat dul go dtí an ______________ nua an deireadh seachtaine seo?

   **B:** Bheadh sin go deas

   **A:** Cad faoi _____________ Shathairn?

   **B:** Ó... níl mé saor, an mbeidh tú saor Dé Domhnaigh?

   **A:** ___________. An gcasfaimid ____ _______________sa bhialann ar 7.30?

   **B:** Tá sin go breá. Go raibh maith agat. Slán go fóill.

2. **Cuir na ceisteanna seo a leanas ar do pháirtnéir agus cum trí cheist nua.**

   **a.** An maith leat bia Iodálach?
   **b.** An maith leat fíon Francach?
   **c.** ____________________________________________?
   **d.** ____________________________________________?
   **e.** ____________________________________________?

3. **Cad é an saghas bia is fearr leat?**
   **Cad í an bhialann is fearr leat sa cheantar? Tabhair cuireadh do do pháirtnéir dul go dtí an bhialann sin leat. Socraigh an t-am agus an áit a bhuailfidh tú leis.**

**Script**

**Comhrá 1**

**A:** Ar mhaith leat dul chuig Rocky 6 Dé hAoine?

**B:** Ó, níor mhaith - chonaic mé roimhe é.

**A:** Ar mhaith leat dul chuig dioscó, mar sin?

**B:** Ba bhreá liom.

**A:** An mbuailfimid le chéile timpeall a haon déag a chlog taobh amuigh den chlub oíche?

**B:** Ceart go leor. Tcífidh mé Dé hAoine tú mar sin.

**Comhrá 2**

**A:** An maith leat bia Iodálach?

**B:** Ó is breá liom é.

**A:** Ar mhaith leat dul go dtí an bhialann nua an deireadh seachtaine seo?

**B:** Bheadh sin go deas

**A:** Cad faoi oíche Shathairn?

**B:** Ó... níl mé saor, an mbeidh tú saor Dé Domhnaigh?

**A:** Beidh. An gcasfaimid le chéile sa bhialann ar 7.30?

**B:** Tá sin go breá. Go raibh maith agat. Slán go fóill.

**Comhrá 3**

**A:** Beidh breithlá Joe ann Dé hAoine agus beidh cóisir aige. Ar mhaith leat dul liom?

**B:** Ba mhaith liom cinnte. Cén t-am a mbuailfimid le chéile?

**A:** Thart ar a hocht.

**B:** Ceart go leor. Tcífidh mé tú Dé hAoine ar a hocht mar sin

.

**Comhrá 4**

**A:** Ar mhaith leat dul ag siúl tráthnóna Dé Domhnaigh?

**B:** Bheadh sin go deas. Cén t-am a gcasfaimid le chéile?

**A:** Thart ar a cúig a chlog?

**B:** Go hiontach. Feicfidh mé tú Dé Domhnaigh ar a cúig mar sin. Tá súil agam go mbeidh an aimsir go deas.